Rannóg Pholasaí, Cháilíochtaí,
Churaclaim agus Mheasúnachta,
An Roinn Oideachais agus
Scileanna, Bloc 2, Sráid
Maoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1

☎ (01) 8892384

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Qualifications, Curriculum
and Assessment Policy Unit,
Department of Education and
Skills, Block 2 Marlborough
Street,
Dublin 1

Facs (01) 8892040

Imlitir Uimhir 0041/2013

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na nIar-Bhunscoileanna uile**

**Siollabas Matamaitice na hArdteistiméireachta do scrúdú i 2015 agus blianta dar gcionn.**

**Siollabas Matamaitice an Teastais Shóisearaigh do scrúdú i 2016 agus blianta dar gcionn.**

Tá siollabais Mhatamaitice don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht á n-eisiúint chuig do scoil. Baineann na siollabais seo le scoláirí ag tosú sa chéad bhliain den tsraith shóisearach agus sa chéad bhliain den Ardteistiméireacht i Meán Fómhair 2013, faoi seach. Baineann na siollabais seo leis na cohóirt a bheidh ag dul faoi scrúduithe sa Teastas Sóisearach i 2016 agus ina dhiaidh sin, agus san Ardteistiméireacht i 2015 agus ina dhiaidh sin.

Tá bileoga a thugann cur síos ar na hathruithe sna siollabais iniata leis an litir seo. Tá treoir níos mionsonraithe do mhúinteoirí Matamaitice, chomh maith le cóipeanna leictreonacha de na siollabais, ar fáil ag www.ncca.ie/projectmaths.

Ba mhaith liom d'aire a dhíriú ar na hathruithe a bhaineann le siollabas na hArdteistiméireachta:

- Ní fothacar de ghnáthleibhéal agus ardleibhéal é an bonnleibhéal a thuilleadh. Fanann an gnáthleibhéal mar fhothacar den ardleibhéal.
- I Snáithe 1, ag gnáthleibhéal agus ardleibhéal, tá ábhar a bhaineann le staitisticí infeireacha, a bhí curtha ar athló do thréimhse eatramhach, curtha san áireamh anois agus beidh sé inscrúdaithe i 2015 agus ina dhiaidh sin.
- **Ní bheidh** an rogha maidir le céimseata (Snáithe 2) atá ar fáil do scrúduithe 2012-2014 ar fáil i scrúduithe 2015 agus ina dhiaidh sin.

**Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do mhúinteoirí Matamaitice uile**

Leanfar den fhorbairt ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí Matamaitice sa scoilbhliain 2013/2014. Ba chóir don bhainistíocht spreagadh agus cuidiú a thabhairt dá múinteoirí Matamaitice tairbhe a bhaint as na cláir um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a chuirtear ar fáil. Cuirfidh Foireann Forbartha Thionscadal Mata, lonnaithe in Ionad Oideachais Dhroim Conrach, FGL ar fáil do mhúinteoirí Matamaitice uile sa tsraith shóisearach agus sa straith shinsearach araon agus fanfaidh siad i dteagmháil leis na scoileanna uile ina leith seo i rith na bliana.

- Pléifidh Ceardlann 9, atá beartaithe don chéad téarma, na naisc laistigh agus idir snáithe an tsiollabais. Cuideoidh sé seo le cur chuige níos comhtháite a ghlacadh i dteagasc agus i bhfoghlaim na Matamaitice agus cinnteoidh sé go bhfuil leanúnachas níos mó ann idir an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach.

- Tabharfar aird ar leith ar staitisticí infeireacha i gCeardlann 10, a chuirfear ar fáil sa dara téarma den scoilbhliain 2013/2014. Ina theannta sin, tá acmhainní agus ábhar tacaíochta do staitisticí, a forbraíodh i gcomhair le NCE-MSTL, ar fáil ar an suíomh gréasáin tacaíochta www.projectmaths.ie agus ar shuíomh gréasáin NCE-MSTL www.nce-mstl.ie.

- Tá Ceardlanna 9 agus 10 beartaithe do mhúinteoirí **uile** Matamaitice. Tá sé rí-thábhachtach go bhfreastalóidh na múinteoirí sin nach bhfuil ag teagasc Matamaitic na hArdteistiméireachta faoi láthair ar na ceardlanna seo. Seo chun a chinntiú go bhfuil comhleanúnachas sa chur chuige i leith theagasc agus fhoghlaim na Matamaitice ag na leibhéil uile.

- Leanann an Dioplóma Gairmiúil sa Mhatamaitic don Mhúinteoireacht, atá dírithe ar mhúinteoirí Matamaitice "as an raon" ag leibhéal na hiarbhunscoile, de bheith ar fáil i 2013/2014. Ba chóir gach fiosrú maidir le hincháilitheacht nó le hiarratais a chur chuig Ollscoil Luimnigh (féach www.ul.ie/graduateschool).

Iarrtar ar scoileanna an tacaíocht agus an spreagadh is mó agus is féidir a thabhairt don líon is mó scoláirí agus is féidir chun tabhairt faoi Mhatamaitic Ardleibhéil sa tsraith shóisearach agus chun leanúint de staidéar an ábhair ag an Ardleibhéal sa tsraith shinsearach.

Led' thoil cuir an Imlitir seo agus na bileoga a ghabhann léi ar a súile do na múinteoirí Matamaitice uile i do scoil.

Freisin, led' thoil, tabhair cóip den Imlitir seo chuig ionadaithe cuí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí le cur ar aghaidh chuig tuismitheoirí agus múinteoirí aonair.

Breda Naughton
Príomhoifigeach
Lúnasa 2013